2026/2372

27.10.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2372 ÓN gCOMHAIRLE

an 26 Deireadh Fómhair 2026

lena leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 20 Nollaig 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/788/CBES [1].

(2) An 20 Nollaig 2022, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA) Rún 2667 (2022), lena mbaintear na ceanglais maidir le fógra a thabhairt a leagtar amach i mír 5 de Rún 1807 (2008) ó CSNA i ndáil leis an trádbhac arm ar eintitis neamhrialtasacha agus ar dhaoine aonair a oibríonn i gcríoch Phoblacht Dhaonlathach an Chongó.

(3) An 29 Meitheamh 2026, ghlac CSNA Rún 2825 (2026), lena leasaítear na critéir chun daoine agus eintitis a ainmniú le bheith faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach i míreanna 9 agus 11 de Rún 1807 (2008) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

(4) Tá gá le tuilleadh gníomhaíochta ón Aontas chun bearta áirithe a chur chun feidhme.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2010/788/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a), (b) agus (c):

‘(a) díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú arm agus aon ábhar gaolmhar, nó soláthar cúnaimh theicniúil ghaolmhair, maoinithe ghaolmhair nó cúnaimh airgeadais ghaolmhair, seirbhísí bróicéireachta gaolmhara nó seirbhísí gaolmhara eile atá beartaithe lena n-úsáid ag Misean Cobhsúcháin Eagraíocht na Náisiún Aontaithe i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó (MCENAC) nó ag Tascfhórsa Réigiúnach an Aontais Afracaigh nó chun tacú leo, agus chuige sin amháin;

(b) díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú éadaí cosanta, lena n-áirítear seaicéid philéardhíonacha agus clogaid mhíleata a onnmhairíonn pearsanra na Náisiún Aontaithe, ionadaithe na meán agus oibrithe daonnúla agus forbartha agus pearsanra comhlachaithe go sealadach chuig PDC dá n-úsáid phearsanta amháin;

(c) díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú trealaimh mhíleata neamh-mharfaigh atá beartaithe don úsáid dhaonnúil nó chosantach amháin, nó cúnamh teicniúil nó oiliúna, a bhaineann leis an trealamh neamh-mharfach sin a chur ar fáil.’;

[1] Cinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle an 20 Nollaig 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó (IO L 336, 21.12.2010, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2010/788/oj).

(ii) scriostar pointe (d);

(b) scriostar mír 3;

(2) in Airteagal 3(1), an chéad fhomhír, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

‘(l) bac tromchúiseach a chur, d’aon ghnó, ar chur chun feidhme shainordú MCENAC, lena n-áirítear trí rochtain a dhiúltú, trí shrian a chur le saoirse gluaiseachta nó trí chur isteach ar phatróil agus ar ghníomhaíochtaí faireacháin.’.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 26 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. HEYDON